
Údarás na Gaeltachta

# Ráiteas Deireadh Bliana

# 2024



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Príomhfhigiúirí 2024

- **869** post nua cruthaithe sa Ghaeltacht in 2024
- Glanmhéadú de **217** post
- **9,743** post i gcliantchomhlachtaí ag deireadh na bliana
- Ardú ar an leibhéal fostaíochta i **gcúig** chontae Gaeltachta
- **211** post nua ceadaithe ag bord Údarás na Gaeltachta
- **28** Plean Teanga le **36** post á gcur i bhfeidhm le buiséad **€3.9m**
- **gteic** – **465** duine ag obair sna **29** mol digiteach sa ghréasáin digiteach
- **GAIRM** – Clár nua iarchéime ceannródaíoch tosaithe le deichniúr céimithe
- **CUMASÚ** – Clár nua do **150** banfhiontraí Gaeltachta le **41** rannpháirtí i 2024
- **Scéim na bPrintíseach** – **34** printíseach cláraithe i 2024
- **AI na Gaeilge** – tús curtha le tairiscint Eorpach chun AI na Gaeilge a fhorbairt ag leibhéal náisiúnta faoi dheireadh 2026
- **Cúig suíomh do thithíocht inachmhainne aitheanta go dtí seo mar cuid de bheartas tithíochta an Údaráis** – le tacaíocht agus cead pleanála in áit do ceithre theach i gCorca Dhuibhne

# Buaicphointí Gnó

## 1. Díolacháin Stairiúla

**€1.098 BILLIÚN**

Baineadh amach díolacháin iomlána de €1.098 billiún sa bhliain 2024, an figiúr is airde i stair Údarás na Gaeltachta

Is ionann é seo agus fás suntasach i gcomparáid le figiúr 2023 de €1.051 billiún

## 2. Dul Chun Cinn san Easpórtáil

**€658 MILLIÚN**

D'éirigh lenár gclianchomhlachtaí easpórtálacha €658 milliún a dhéanamh

Léiríonn sé seo dul chun cinn suntasach ó €637 milliún in 2023

Tá láithreacht ár gcliant i margaí idirnáisiúnta ag dul ó neart go neart

## 3. Fás Inbhuanaithe

**4.4% ↗**

Tá fás seasta léirithe sna díolacháin iomlána ón mbliain 2021 i leith

Is ionann figiúirí 2024 agus méadú de 4.4% ar an mbliain roimhe

## 4. Rath Fadtéarmach

**28% ↗**

I gcomparáid le deich mbliana ó shin (2014), tá fás de bhreis is 28% tagtha ar dhíolacháin iomlána

Léiríonn na torthaí seo buanseasmhacht agus forbairt inbhuanaithe na heagraíochta

# Naisc Tapaidh


Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh 2024 — 5
Fostaíocht — 8
An Phleanáil Teanga — 10
gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta — 12
Turasóireacht — 13
An Earnáil Forbartha Pobail — 14
Oiliúint — 17
Gaeltacht na hÉireann — 19
Athbhreithniú de réir Ceantair Ghaeltachta — 24
— Gaeltacht na Gaillimhe — 25
— Gaeltacht Mhaigh Eo — 28
— Gaeltacht na Mí — 31
— Gaeltacht Dhún na nGall — 32
— Gaeltacht Chiarraí — 39
— Gaeltacht Chorcaí — 43
— Gaeltacht Phort Láirge — 46



# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh 2024

## Chun bogadh ar aghaidh, d'fhéachamar siar.

Ba é 2024 an bhliain a thosaíomar ag leagan síos na mbuncloch don todhchaí digiteach Gaeilge. Léiríomar réamhfheiceálacht sna 1990í nuair a leagamar an bhunobair d'earnáil na meán Gaeilge sula mbunófaí TG4 (Teilifís na Gaeilge mar a bhí ann ag an am). Trí infheistíocht a dhéanamh in oiliúint, bonneagar, agus tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí léiriúcháin luatha sna ceantair Ghaeltachta, chruthaíomar an t-éiceachóras riachtanach a chuirfeadh ar chumas TG4 dul chun cinn a dhéanamh nuair a seoladh é i 1996, agus tógáil earnáile sna Gaeltachtaí atá ag cruthú ábhar i nGaeilge do gach stáisiún teilifíse in Éirinn. Comhlachtaí ar nós Telegael atá ag baint cáil idirnáisiúnta amach le gradaim Emmy bainte acu agus Nemeton a cheiliúir 30 bliain ar an bhfód i 2024 agus atá ag feidhmiú ní hamháin in Éirinn ach in Albain, chomh maith.


Léirigh taighde a d'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta le linn 2024 go bhfuil Gaeilge ag 58% dóibh siúd atá fostaithe i gcliantchomhlachtaí an Údaráis agus go bhfuil earnáil na meáin ar an earnáil is mó ina mbíonn an Ghaeilge á úsáid mar theanga oibre. Is sampla eiseamlárach é comhlachtaí cosúil le Nemeton agus RedShoe, atá lonnaithe i nGaeltacht na nDéise, ar an dea-thionchar a bhíonn ag fiontar meán Gaeilge ar úsáid na teanga sa phobal. D'fhás líon na gcainteoirí Gaeilge i nGaeltacht na nDéise i ndaonáireamh 2022.

## Ard Intleacht

Bhí ár gcur chuige bunúsach – infheistíocht a dhéanamh i gcumais sula raibh an bonneagar iomlán ann – claochlaiteach do na meáin Ghaeilge. Inniu, táimid ag pointe athraitheach den chineál céanna le hIntleacht Shaorga in Éirinn. Díreach mar a chabhraíomar bonn a leagan síos d'earnáil inbhuanaithe na meán Gaeilge, feicimid deis anois na píosaí bunúsacha a thógáil – ó fhorbairt tallainne go bonneagar teicniúil – a d'fhéadfadh Éire a shuíomh mar cheannródaí i bhforbairt na hIntleachta Saorga, go háirithe ar bhealaí a thugann meas ar agus a chuimsíonn ár n-oidhreacht chultúrtha agus teanga.

## Fostaíocht

Tá 9,743 duine fostaithe ag cliaintchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta, an líon is airde a bhí riamh ann; glanmhéadú 217 post ó thús na bliana agus ardú ar leibhéal na fostaíochta i gcúig chontae Gaeltachta. Is dul chun cinn an méid sin, agus is léiriú eile é ar an scéal sin go raibh 196 folúntas snacliantchomhlachtaí sin ag deireadh 2024. Tá 41 fiontraí mná páirteach sa scéim 'Cumasú' scéim atá ag tacú le fiontraíocht na mban sna seacht gcontae Gaeltachta. Ina choinne sin, ainneoin luach easpórtála chliantchomhlachtaí an Údaráis ag an leibhéal is airde riamh; 1.098 billiún euro, tá, b'fhéidir, farraige arda romhainn amach agus eachtraí corraitheacha ag imirt tionchair ar mhargaí agus ar chúrsaí eacnamaíochta go hidirnáisiúnta.



↑
Declan Clarke, Stiúrthóir Bainistíochta cellNUA ar an láthair ag an bhFoirgneamh Bitheolaíochta tar éis trialacha bailíochtaithe rathúla le taighdeoirí ó CÚRAM Ollscoil na Gaillimhe.
3 Meán Fómhair, 2024.

## Dúshláin

Cé go bhfuil forbairt shuntasach déanta sna ceantair Ghaeltachta, tá an easpa tithíocht inacmhainne ina bhac ar fhás agus ar fhorbairt na bpobal Gaeltachta, rud atá ag cruthú dúshláin mhóra do na pobail áitiúla. Is chuige sin go bhfuil obair ar bun le pobail na Gaeltachta ar phleananna do thithíocht, áiseanna pobail agus áiseanna fiontraíochta ar bhonn comhtháite ar thalamh Údarás na Gaeltachta. Is léargas maith é an méid sin ar na deiseanna agus dúshláin a bhain le hobair na heagraíochta i 2024, agus léiríonn sé an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhtháite i bhforbairt inbhuanaithe na Gaeltachta.

## Pleanáil Teanga

Tá an chéad ghlúin Gaeltachta eile, 2,214 páiste ina measc, ag freastal ar 135 seirbhís luathbhlianta fud fad na Gaeltachta. Tá 104 duine ag tógáil ar an obair sin mar chuid de scéim na gcúntóirí teanga, tacaíochtaí eile ar nós 36 club óige ag Muintearas mar bharr air sin. Todhcaí an phróiseas pleanáil teanga sna 7 chontae deimhnithe – 28 Pleananna Teanga le 36 post á gcur i bhfeidhm le buiséad €3.9m, Clár Tacaíochta Gaeilge do Ghnónna, ag díriú ar an earnáil fáilteachais agus ar mhiondíoltóirí agus Scéim Forbartha Gaeilge na gcliantchomhlachtaí.

Sa chomhthéacs sin tá gá le seirbhísí i nGaeilge a threisiú. D'fhógair an tAire Thomas Byrne an Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Phoiblí Gaeilge i mí Dheireadh Fómhair. Tá ról lárnach ag Údarás na Gaeltachta i bhforbairt uirlise cainte ó Ghaeilge go Gaeilge bunaithe ar theicneolaíocht na h-intleachta shaorga mar chuid don Phlean sin. Beidh tionchar nach beag ag an teicneolaíocht seo ar mhionteangacha fud fad na cruinne agus tá sé mar sprioc ag Údarás na Gaeltachta bheith ag ceann na nuálaíochta chun an deis sin a thapú.



↑
Yvonne Shields O Connor, Príomhfheidhmeannach Irish Lights, Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, agus Josephine O Driscoll, Bainisteoir Slí an Atlantaigh Fhiáin Fáilte Ireland.
21 Deireadh Fómhair, 2024

## Forbairt Pobail

Deineadh ceiliúradh ar phobal na Gaeltachta ag Gradaim na Gaeltachta, áit a raibh 63 iarratas i seacht gcatagóir éagsúil, aitheantas cuí don obair mhór leanúnach atá mar chnámh droma na bpobal Gaeltachta, na heagrais forbartha pobail, 33 comharchumann ina measc agus soláthar iomlán do €7.125m mar thacaíocht i 2024 don obair ríthábhachtach sin. Tá míle duine páirteach ar scéimeanna fostaíochta sóisialta. Imríonn an spiorad agus gníomh pobail sin tionchar ar leith ar na mílte cuairteoir a thagann chun na Gaeltachta gach bliain. Fógraíodh tograí suntasacha turasóireachta i mbliana agus seoladh scéim ina bhfuil 15 oifigeach turasóireachta ag obair leo chun an earnáil sin a fhorbairt.

Léirigh taighde a rinne GaelChultúr i bpáirt le hÚdarás na Gaeltachta gur fhreastail duine as gach ceathrar go náisiúnta ar choláiste samhraidh Gaeltachta ag tráth éigin. Lena chois sin, thug 1.9m duine le fios i ndaonáireamh 2022 go raibh Gaeilge acu. Is léiriú é sin ar thábhacht na Gaeilge in Éireann, agus tábhacht na Gaeltachta dá réir mar thobar shaibhir teanga agus cultúir. Go dtí seo tá tionchar suntasach á imirt ag an gcóras Pleanála Teanga ar an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di agus beidh treisiú á dhéanamh ar an dtionchar sin sna blianta amach romhainn.

## Buíochas

Is pribhléid ar leith dom go bhfuil mo chomhghleacaithe in Údarás na Gaeltachta ag tabhairt faoi na dúshláin atá romhainn go díograiseach. Tá siad tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge agus d'fhorbairt iomlán na Gaeltachta.

Táim fíorbhuíoch de Roinn na Gaeltachta agus na páirtithe leasmhara eile, go háirithe Bord Údarás na Gaeltachta, as a dtacaíocht leanúnach d'obair agus d'fhís na heagraíochta.

Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil le Mary Uí Chadhain as ról an Chathaoirligh a ghlacadh, agus le Siobhán Ní Ghadhra a ceapadh mar chomharba uirthi ag tús an tsamhraidh seo. Is beirt bhan chróga iad a rinne éacht ar son phobal na Gaeltachta.

# Fostaíocht

Bhí **217** duine sa bhreis fostaithe i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2024 ná mar a bhí ag deireadh 2023.

**Gaeltacht Dhún na nGall** ↓3%

Fostaíocht Iomlán: **2647**

Poist Nua: **192**

**Gaeltacht Mhaigh Eo** ↑8%

Fostaíocht Iomlán: **1044**

Poist Nua: **117**

**Gaeltacht na Mí** ↑6%

Fostaíocht Iomlán: **253**

Poist Nua: **20**

**Gaeltacht na Gaillimhe** ↑4%

Fostaíocht Iomlán: **3774**

Poist Nua: **354**

**Gaeltacht Phort Láirge** ↑4%

Fostaíocht Iomlán: **274**

Poist Nua: **30**

**Gaeltacht Chiarraí** —


Fostaíocht Iomlán: **932**

Poist Nua: **59**


**Gaeltacht Chorcaí** ↑8%


Fostaíocht Iomlán: **819**

Poist Nua: **97**



## Fostaíocht sa Ghaeltacht





# 9743

Bhí 9743 daoine fostaithe i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2024

## Foluntais Poist 2024




## Torthaí fostaíochta de réir Contae






# 196

Folúntais post i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2024




↑
Muintir Uí Dhonncha,
Iasc Inis Mór
14 Deireadh Fómhair, 2024

## An Phleanáil Teanga

- **28** plean teanga á bhfeidhmiú (26 Limistéar Pleanála Teanga & **2** Bhaile Seirbhíse Gaeltachta)
- €3.9m curtha ar fáil d'fheidhmiú na bpleananna teanga sin
- **36** post Oifigeach Pleanála Teanga fostaithe ag 29 cheanneagraíochtaí pleanála teanga
- Obair idir lámha ag coiste áitiúil le plean teanga a ullmhú do Baile Seirbhíse Gaeltachta Bhéal an Mhuirthead
- Lean na ceanneagraíochtaí pleanála teanga orthu ag feidhmiú clár gníomhaíochtaí dírithe ar na spriocanna atá leagtha amach ina bpleananna teanga agus ina gcláir oibre a bhaint amach.
- Bhí athbhreithniú idir lámha ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fheidhmiú pleananna teanga i 10 LPT agus ar an bpróiseas pleanála teanga. Tá tuairisc athbhreithnithe á hullmhú ag sainchomhairleoir neamhspleách don Roinn agus tuigtear don Údarás go mbeidh an tuairisc á foilsiú go luath sna míonna atá amach romhainn.
- Chun tacú leis an Údarás san obair atá ar siúl aige agus ag na hOifigigh Pleanála Teanga le húsáid na Gaeilge a spreagadh i measc lucht gnó sa Ghaeltacht, cheadaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maoiniú don Údarás le linn na bliana le dhá chlár nua tacaíochta trí bliana a fhorbairt agus a sholáthar in 2025.

Díreoidh, *An Clár Tacaíochta Gaeilge do Ghnólachtaí*, clár tacaíochta 3 bliana de luach €1.9m, ar an nGaeilge a chur chun cinn i ngnólachtaí Gaeltachta sna hearnálacha miondíola, fáilteachais agus turasóireachta. Tá sé mar sprioc ag an gclár gnólachtaí sna hearnálacha sin a mhealladh agus a chumasú le bheith réamhghníomhach i gcur chun cinn úsáid na Gaeilge sa ghnó agus seirbhís dá réir á soláthar do phobal na Gaeltachta, do chuairteoirí agus do thurasóirí araon.

Díríonn *Scéim Forbartha Gaeilge na gCliantchomhlachtaí*, clár tacaíochta 3 bliana de luach €1.3m, ar chur chuige nua le tacú le cliaint an Údaráis, ina bhfuil líon ard postanna, chun úsáid na Gaeilge a chothú agus a spreagadh sa ghnó agus i measc na bhfostaithe. Beidh an clár seo dírithe ar chumasú teanga, ar thuiscint ar chultúr agus teanga na Gaeltachta a éascú agus níos mó ceangal a chothú idir na fostaithe atá ag obair sna cliaintchomhlachtaí agus na seirbhísí trí Ghaeilge atá ar fáil sna réimsí éagsúla sa phobal.

Tá socruithe á gcur ina n-áit ag an Údarás faoi láthair chun gur féidir an dá chlár nua sin a sholáthar d'earnáil an ghnó in 2025.

Le linn na bliana tacaíodh le tograí a bhí dírithe ar úsáid na Gaeilge a chothú agus a láidriú i measc na hóige sa Ghaeltacht. Bhí sé mar sprioc ag na tograí nuálaíocha sin nósmhaireachtaí úsáide dearfach i leith na Gaeilge a chur chun cinn i measc an óige sa Ghaeltacht trí dheiseanna agus 'spásanna' nua a fhorbairt agus a chruthú dóibh le ceangal a dhéanamh agus caidrimh a chothú in ábhar a bhfuil sainspéis faoi leith acu féin ann agus caidrimh a chothú idir dhéagóirí ar fud fad na Gaeltachta. Chuige sin, cuireadh tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí ar nós Aistear na nGael, Preab san Úr, Dorn san Aer agus Ard Fheis na nÓg le linn na bliana.

Is próiseas atriallach atá sa phróiseas pleanála teanga a ndéanfar athnuachan air ag deireadh gach tréimhse forfheidhmithe 7 mbliana. Idir mí Lúnasa agus mí na Nollag 2025 beidh deireadh ag teacht le thréimhse feidhmiúcháin pleananna teanga i gcás 8 LPT. Beidh gá ag na ceanneagraíochtaí pleanála teanga cuí sna LPT sin pleananna teanga nua a ullmhú don chéad tréimhse seacht mbliana eile le bheith ceadaithe ag an Aire.

Tá an tÚdarás ag tabhairt faoi chéimeanna chun cur chuige a chur in áit a bheidh mar bhunús le tacú leis na ceanneagraíochtaí pleanála teanga pleananna teanga nua a ullmhú dá gceantar. Agus an múnla agus cur chuige aontaithe d'ullmhú pleananna teanga don chéad tréimhse feidhmiúcháin 7 mbliana eile, tacóidh an tÚdarás ansin leis na ceanneagraíochtaí pleanála teanga agus na hOifigigh Pleanála Teanga an plean teanga a ullmhú agus a thabhairt chun críche le bheith ceadaithe ag an Aire.



↑
Osclaíonn an tAire Stáit Tomás Ó Broin gteic Bhaile Ghib agus gteic Ráth Cairn go hoifigiúil, in éineacht leis tá Bríd Óg Ní Chonaire, Bainisteoir Chomharchumann Rath Chairn 15 Iúil, 2024

## gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

Tá an gréasán gteic bunaithe anois mar chuid den bhun-infreastruchtúr gnó agus pobail i bhformhór na gceantar Gaeltachta agus cuirfear leis an obair chun réimse na seirbhísí a fhorbairt tuilleadh in 2025.

- **29** gteic i 6 chontae (Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh & An Mhí)
- **869** spás oibre
- **465** duine ag obair sna gteiceanna
- Osclaíodh 3 gteic nua, chomh maith le Céim 1 de gteic@Uíbh Ráthach in 2024.
- **4** gteic á fhorbairt faoi láthair

Tá seirbhísí agus acmhainní luachmhara á gcur ar fáil ag an ngréasán gteic do ghnólachtaí, coistí pobail, turasóirí agus pobal na Gaeltachta go ginearálta. Chomh maith le spásanna oibre d'ardchaighdeán a chur ar fáil, cuireann an ghréasán seirbhísí mar sheomraí cruinnithe, ócáidí gnó agus réimse leathan cláir oiliúna ar fáil don phobal.

**Le linn na bliana:**

- D'fhreastal 60 fiontraí agus daoine gnó ar shraith oiliúna d'fhiontraithe i gteiceanna Ghaoth Dobhair, Bhéal an Mhuirthead, Chorca Dhuibhne agus in Ard Oifig an Udaráis sna Forbacha.
- Cuireadh comhdháil, ceardlanna agus seisiúin oiliúna ar bun ar fud an ghréasáin faoi ábhair éagsúla ar nós Teicneolaíocht Tumthach, Intleacht Shaorga, Teicneolaíocht Shuaite, Airgeadais, Cáin agus Margaíocht.
- Aithníodh an gréasan gteic mar dhea-chleachtas sa togra Interreg CODIL agus tá obair ar bun le múnla an ghréasáin a aistriú go réigiúin eile san Eoraip.
- Leanadh le cláir oiliúna do bhainisteoirí gteiceanna a thosaigh in 2022
- Rinneadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt straitéise nua don ghréasán



↑
Tomás Ó Siocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta agus Miriam Kennedy, Ceannasaí Shlí an Atlantaigh Fhiáin, Fáilte Ireland, le feiceáil in iar-Ionad Oidhreachta Oileáin Árann i gCill Rónáin, Inis Mór, Co. na Gaillimhe, 13 Meán Fómhair, 2024

# Turasóireacht

Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag Údarás na Gaeltachta i bhforbairt na turasóireachta, i gcomhar le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla.

## Ionaid Chuairteoirí

- Tá tús curtha leis an obair thógála ar Ionad na nImirceach i gCarna
- Tá pleananna deartha ar siúl d'ionaid chuairteoirí in Oileáin Árann agus Oileán Chléire

## Geopháirc Dhúiche Sheoigheach

Tá comhoibriú leanúnach idir an tÚdarás agus Geopháirc Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthar, a chlúdaíonn ceantair Ghaeltachta i nGaillimh agus i Maigh Eo. Tá iarratas á dhéanamh ar stádas UNESCO – dá n-éireodh leis, bheadh sé ar an gcéad gheopháirc UNESCO Gaeltachta riamh.

## Tithe Solais

I nDeireadh Fómhair, síníodh meamram tuisceana le Coimisinéirí Soilse na hÉireann chun tograí a fhorbairt bunaithe ar thithe solais.

## Scéim na nOifigeach Turasóireachta

- Rinneadh athbhreithniú ar an scéim in 2024
- Ceadaíodh maoiniú don bhliain 2025
- Fógrófar deiseanna do 15 Oifigeach Turasóireachta i mí na Nollag 2024
- Díreoidh an scéim ar fhorbairt ionaid agus eispéiris turasóireachta trí eagrais phobail




↑
Feargal Ó Coigligh (Ard Rúnaí sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán), Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, an Dr. Aodhán Mac Cormaic, Stiúrthóir na Gaeilge sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta le Siobhán Ní Ghadhra, Cathaoirleach nua Údarás na Gaeltachta ag a céad cruinniú boird sna Forbacha.
28 Meitheamh, 2024

## An Earnáil Forbartha Pobail

Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil na heagrais forbartha pobail ríthábhachtach i dtaobh chumas an Údaráis a chuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach i gcomhar leis na pobail Ghaeltachta.

### Na hEagrais Forbartha Pobail

Oibríonn an tAonad Forbartha Pobail le 33 comharchumann ar fud na Gaeltachta.

I mbliana bunaíodh comharchumann nua i nDún na nGall – Forbairt Pobail Trí Bhaile CTR.

Cuireadh soláthar iomlán de €7.13m ar fáil faoin gCiste Forbartha Pobail, Forbartha Teanga & Eagraíochtaí Forbartha Pobail, an méid céanna le 2023.

### Tograí Fiontraíocht Shóisialta

In 2024, chuir Aonad Forbartha Pobail an Údaráis maoiniú ar fáil do 17 fiontar shóisialta, ag cur €206,245 ar fáil ar mhaithe le tograí a fhorbairt ar fud na Gaeltachta a chuirfidh le fostaíocht, le seirbhísí pobail agus le sruth ioncaim eagrais forbartha pobail.

**€7.13 MILLIÚN**

Cuireadh soláthar iomlán de €7.13 milliún ar fáil do Dheontas Reáchtála na nEagras Pobail.

## Gradaim na Gaeltachta

Tháinig 63 iarratas isteach i mbliana do Ghradaim na Gaeltachta.

Bronnadh duaiseanna ar bhuaiteoirí i 7 gcatagóir éagsúla d'eagraíochtaí pobalbhunaithe agus catagóir amháin do na coistí pobail ag ócáid a bhí ar siúl san Óstán Chois Fharraige ag deireadh mí na Samhna

## Beagnach 1,000 fostaithe ar Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 953 rannpháirtí agus 45 saoiste fostaithe i 47 scéim ar fud na Gaeltachta in 2024. Tá ról agus tionchar tábhachtach ag na scéimeanna fostaíochta sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Sóisialta Tuaithe & Scéim TÚS), atá á mbainistiú ag an Údarás agus maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, ag cur taithí oibre agus oiliúint ar fáil do phobal na Gaeltachta.

## Tograí Eorpacha Údarás na Gaeltachta 2024

Bhí ról suntasach ag Údarás na Gaeltachta i réimse leathan tograí Eorpacha le linn 2024, ag léiriú tiomantas láidir don fhorbairt inbhuanaithe, don nuálaíocht dhigiteach, don turasóireacht agus d'fhorbairt pobail. Bhí an tÚdarás rannpháirteach i ndeich dtogra Eorpacha le buiséad de €2.9m ag an Údarás féin, ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin chriticiúla ár linne agus ag cruthú deiseanna nua d'fhorbairt na Gaeltachta.

## Tionscadail Fuinnimh Ghlais agus Inbhuanaitheachta

Tá ceithre thogra suntasacha ag díriú ar fhuinneamh glan agus inbhuanaitheacht:

An togra LEAP, faoi chlár Fís Eorpach, atá ag obair le pobail i gConamara agus Árainn chun an t-aistriú go fuinneamh glas a éascú. Tá sé seo ag teacht le spriocanna náisiúnta agus Eorpacha maidir le hathrú aeráide.

Tá scéim de chuid Aonad Fuinneamh Níos Glaine d'Oileáin an AE ag díriú ar phobail oileánda, mar chuid de thionscnamh uaillmhianach an AE chun 30 oileán a aistriú go fuinneamh inathnuaite faoi 2030. Tá sé oileán Gaeltachta páirteach sa togra seo agus iad ag obair ar thograí éagsúla fuinnimh ina n-oileáin féin.

Tá Satcomm, faoi Interreg Cheantar an Atlantaigh, ag forbairt córais nuálaíocha chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint agus a roinnt i measc pobal.

Tá tionscadal E6 ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán na dramhaíola leictreonaí, ag cur chun cinn prionsabail an gheilleagair chiorclaigh trí shaolré trealaimh leictreonaigh a shíneadh.



↑
ArdIntleacht (AI) na Gaeilge

## Tionscadail Dhigiteacha agus Nuálaíochta

Tá dhá thogra ag díriú ar an gclaochlú digiteach:

Tá Data2Sustain ag soláthar tacaíochta do ghnólachtaí áitiúla ina gclaochlú digiteach, ag díriú ar réimsí tábhachtacha mar chibearshlándáil, intleacht shaorga, agus ríomhaireacht ard-fheidhmíochta.

Tá Codil atá maoinithe faoi Interreg Europe ag freagairt do thionchar COVID-19 ar éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha, ag forbairt polasaithe nua agus ag mealladh infheistíochta digití.

## Tionscadail Turasóireachta

Tá dhá thionscadal ag díriú ar fhorbairt na turasóireachta:

Tá Glow 2.0 ag forbairt deiseanna i dturasóireacht na spéartha dorcha agus ag cothú deiseanna nua do ghnóthaí turasóireacht ag amanta ciúin den bhliain.

Tá ST3ER ag díriú ar iomaíochas comhlachtaí turasóireachta a fheabhsú trí aistriú chuig córais dhigiteacha agus cleachtais níos inbhuanaithe.

## Tionscadail Forbartha Pobail

Tá dhá thionscadal ag díriú ar fhorbairt pobail:

Tá EmpowerUS ag neartú acmhainní na hearnála forbartha pobail, ag cur le cumas na bpobal áitiúil. Tá MERSE ag tacú le fiontraíocht shóisialta i gceantair thuaithe, ag forbairt samhlacha gnó nua don earnáil seo. Is léiriú iad na tograí seo ar thiomantas Údarás na Gaeltachta d'fhorbairt inbhuanaithe agus nuálach sna ceantair Ghaeltachta, ag tarraingt ar mhaoiniú agus ar shaineolas Eorpach chun deiseanna nua a chruthú do phobail na Gaeltachta.




↑
Ag seoladh clár Cumasú ar an Spidéal bhí an tAire Stáit Dara Calleary, Uachtarán OTA an Dr. Orla Flynn, Maria Staunton, Bainisteoir iHub OTA/Clár Cumasú agus Rónán Mac Con Iomaire, Údarás na Gaeltachta chomh maith le baill foirne eile ó iHub OTA agus Údarás na Gaeltachta.
3 Bealtaine, 2024

## Oiliúint

### CUMASÚ — Clár Nua do Bhanfhiontraithe Gaeltachta

Seoladh clár CUMASÚ in 2024 chun tacú le 150 banfhiontraí Gaeltachta thar thrí bliana. Á mhaoiniú ag Údarás na Gaeltachta agus á reáchtáil ag Moil Nuálaíochta Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) agus Ionad Rubicon Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM), tá sé ar fáil i ngach ceantar Gaeltachta.

Dhá Shruth:

1. **Cumasú TÚS:** Do ghnólachtaí nua, díríonn ar fhorbairt scileanna bunúsacha gnó agus féinmhuiníne.

2. **Cumasú FÁS:** Do ghnólachtaí níos bunaithe, díríonn ar cheannasaíocht, díolacháin, agus forbairt gnó.

Tá 41 bean páirteach sa chlár faoi láthair, á sheachadadh trí ghréasán gteic na Gaeltachta. Is é seo an chéad chlár náisiúnta dá leithéid dírithe ar bhanfhiontraithe Gaeltachta, agus an chéad chomhoibriú idir OTA agus OTM ar thionscadal mar seo.

## GAIRM

Tá an clár nua ceannródaíoch, GAIRM, anois faoi lán seoil, agus thosaigh an chéad chohórt de rannpháirtithe a gcuid oibre i Mí Dheireadh Fómhair 2024 agus iad ag cur tús leis an gclár dhá bhliain seo. Tá an clár dírithe ar iarrthóirí a bhfuil Gaeilge líofa acu agus céim NFQI Leibhéal 8 i réimsí éagsúla mar ghnó, teicneolaíocht, cuntasaíocht, pleanáil, bainistíocht tionscadal, eolaíocht, eolaíochtaí sóisialta, agus cumarsáid. Tá deichniúr céimithe páirteach sa chlár, agus iad lonnaithe i nGaoth Dobhair, sna Forbacha, i mBéal an Mhuirthead, i mBéal Átha an Ghaorthaidh agus sa Daingean. Le linn a dtréimhse dhá bhliain, gheobhaidh na rannpháirtithe taithí luachmhar i réimsí éagsúla laistigh d'Údarás na Gaeltachta, lena n-áirítear bainistíocht, obair le comhlachtaí Gaeltachta, agus forbairt pobail.

Mar chuid lárnach den chlár, tá na rannpháirtithe ag tabhairt faoi '*Dioplóma Iarchéime Gnó sa Chleachtas Gairmiúil i bhForbairt Bainistíochta*' (Leibhéal 9) i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Tá an cúrsa seo deartha as an nua agus dírithe go sonrach ar rannpháirithe GAIRM chun a gcuid scileanna bainistíochta a fhorbairt. Beidh siad ag tabhairt faoi mhodúil i mBainistíocht, Fiontar Sóisialta, Teanga agus Pobail, Cruthú Luach, Scileanna Anailíse, Forbairt Réigiúnach agus Tuaithe, Bainistiú Tograí, Bainistiú Airgeadais, Bainistiú Straitéiseach, Cúram an Rialachais agus Lárnú na hEitice, Claochlú Digiteach agus Cleachtais na Forbartha Inmharthanaigh agus "an tAistriú Glas".

Is é príomhchuspóir an chláir seo ná an chéad ghlúin eile de bhainisteoirí a chumasú agus a chur faoi oiliúint le taithí oibre luchmhar agus cáilíocht acadúil. Leanfaidh Údarás na Gaeltachta ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn an chláir agus ag soláthar tacaíochta do na rannpháirtithe ar feadh a dtréimhse dhá bhliain.

## Scéim na bPrintíseach

I rith 2024, cláraíodh 34 faoin scéim phrintíseachta atá ag tabhairt faoi cheirdeanna éagsúla. Ina measc siúd, chláraigh 33 fear agus bean amháin san iomlán. Beidh feachtas poiblíochta á reáchtáil in 2025 chun béim a chur ar na deiseanna seo. Fógraíodh glaoch poiblí faoi dhó le linn 2024. Ar an gcéad iarraidh, fógraíodh na deiseanna seo san Earrach agus na feachtais seo dírithe orthu siúd a raibh críoch curtha acu lena gcuid oideachais, agus arís sa samhradh dóibh siúd a raibh an Ardteist á déanamh acu ag an am sin. Is ag obair i réimse na gceirdeanna seo a leanas atá na printísigh uile.



↑ Báid seoil thraidisiúnta Chonamara

# Gaeltacht na hÉireann

## Diaspóra na Gaeltachta

Tá togra Diaspóra na Gaeltachta mar chuid lárnach de Straitéis 2021–2026 Údarás na Gaeltachta. Tá diaspóra láidir Gaeltachta ar fud na cruinne agus tá luach suntasach ag baint leis ó thaobh líonraithe, daoine a mhealladh abhaile, infheistíochta agus eile de. Tá dul chun cinn mór déanta ag Údarás na Gaeltachta maidir leis an obair a bhaineann leis an Diaspóra, agus an tÚdarás luaite, mar shampla, sa Pholasaí Déthaobhach idir Éirinn agus Albain, chomh maith leis na naisc láidre atá déanta idir ceantair Ghaeltachta agus na Stáit Aontaithe, chomh maith le cósta thoir Cheanada.

Lean Ionad Diaspóra na Gaeltachta, mar chuid de thogra Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna, ag forbairt clár oibre suntasach i dtaobh an diaspóra Gaeltachta, le himeachtaí maidir leis an dlúth-cheangal idir an Ghaeltacht agus gnéithe éagsúla de shochaí Mheiriceá, na Breataine agus níos faide i gcéin.

Cuireadh tús le clár malartaithe cultúrtha nua idir Gaeltacht Chonamara agus Nova Scotia Cheanada, ag tógáil ar an nasc teanga idir an dá cheantar. Chaith beirt as Nova Scotia trí mhí i gConamara chun taithí a fháil ar an teanga agus ar an gcultúr, agus tá sé beartaithe go mbeidh beirt as Conamara ag taisteal go Ceanada in 2025.

Cuireadh tuilleadh leis an gceangal idir an Ghaeltacht agus Ceanada mar chuid den Laurentic Forum, áit a ndearna toscaireacht cur i láthair agus staidéar ar earnáil turasóireachta na dtithe solais, le triúr ag freastal ó thograí tithe solais Gaeltachta.

’Sna Stáit Aontaithe, lean Údarás na Gaeltachta ag tógáil ar an nasc idir an Ghaeltacht agus Bostún, rannpháirteach sa chomhdháil idirnáisiúnta Golden Bridges i mBostún, agus breis forbartha ar ghréasáin turasóireachta, cultúrtha agus gnó ann. Treisíodh an ceangal idir Gaeltacht Acla agus Cleveland Mheiriceá, le cuairt gnó ag toscaireacht as Acaill go Cleveland, agus lean rannpháirtíocht leithinis Chorca Dhuibhne ag ócáid The Big E i Springfield, Massachusetts, ag cur chun cinn nasc cultúrtha agus eacnamaíocha idir Éirinn agus iarthar Massachusetts.

Tá nasc bunaithe ag Údarás na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta le George Mason University, Virginia, S.A.M. Thug léachtóirí agus daltaí cuairt ar an Údarás in 2019, 2023 agus in 2024. Chaith stiúrthóir acadúil an chúrsa MA i mBainstíocht na nEalaíon, seachtain i nGaeltacht Dhún na nGall le linn Fhéile an Earagail 2024 le fianaise a fháil ar shaibhreas agus ar éagsúlacht na n-ealaíon i nGaeltacht Dhún na nGall.

Déanadh tuilleadh chun an gaol láidir idir Albain agus an Ghaeltacht, go háirithe Gaeltacht Dhún na nGall, a neartú. D’fhág cuairt bainistíochta de chuid an Údaráis, ar chuireadh Iomairt na Gaeidhealtachd’s nan Eilean, ar oileáin Inse Ghall go bhfuil meamram comhthuisceana anois á ullmhú idir an dá eagraíocht.

Fuair Údarás na Gaeltachta freisin cuireadh ó Chomhairle nan Eilean Siar, rialtas áitiúil ar na hOileáin in Iarthuaisceart na hAlban agus ó Údarás Harris Tweed, turas a thabhairt ar na hoileáin agus cur i láthair a thabhairt faoi na ceangail idir Éirinn agus Albain, go háirithe naisc chultúrtha agus teanga chomh maith le cur síos ar obair an Údaráis. Bhí turais ar na láithreacha oibre ar na hoileáin chomh maith leis sin pléadh deiseanna ar thuilleadh chomhoibrithe a dhéanamh faoi théamaí oiliúna, faoi mheantóireacht, faoi mhargaíocht i nGaeilge agus i nGàidhlig agus faoin stádas PGI, Tasca Geografacha faoi chosaint don tionscal bhréidín.

I Sasana, mar chuid den caidreamh le London Irish Business Society (LIBS) in 2024, bhí Údarás na Gaeltachta páirteach in eagrú clár imeachtaí na bliana.




↑
Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Ciarán Ó hÓgartaigh, Uachtarán Ollscoil na Gaillimhe agus Máire Geoghegan-Quinn, Cathaoirleach Údarás na hOllscoile.
27 Meitheamh, 2024

## Fochuideachtaí / Cuideachtaí Straitéiseacha

### MIDC Páirc na Mara CGA

Bunaíodh MIDC Páirc na Mara CGA in 2024 mar fhochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní mara na Gaeltachta. Políonn an comhlacht ar dhá phríomhréimse: tacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide sa tionscal mara, agus taighde agus forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua sa réimse gorm. Tá comhaontú sínithe idir Údarás na Gaeltachta agus Ollscoil na Gaillimhe a chuirfidh go mór le cumas taighde agus forbartha an chomhlachta, go háirithe trí fhorbairt ionad taighde mara ar shuíomh na hOllscoile ar an gCrumpán, Carna. Beidh an t-ionad seo mar chuid lárnach don fhís do Pháirc na Mara agus cuirfidh sé deiseanna ar fáil do thaighdeoirí agus d'fhiontraithe san earnáil mhuirí. Tá dhá phost fógraithe i 2024 agus táthar ag súil go mbeidh na daoine ceaptha ag dul i mbun oibre in 2025. Tá clár oiliúna á phleanáil i gcomhar le hinstitiúidí tríú leibhéal chun scileanna mara a fhorbairt i measc an phobail Ghaeltachta.

### Seirbhísí Forbartha Gnó DAC.

Bunaíodh Seirbhísí Forbartha Gnó in 2017 mar fhochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta chun an fhorbairt ar Choláiste Íosagáin a bhainistiú. In 2018 deineadh éileamh ar scéim Ciste um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnaí de chuid Fhiontraíocht Éireann, agus bronnadh €2.7 milliún ar an gcomhlacht chun an togra a bhrú ar aghaidh. San áireamh sa deontas seo bhí maoiniú chun beirt a fhostú, Bainisteoir Forbartha Gnó agus Bainisteoir Oiliúna & Fiontraíochta. Go dtí seo tá ceann de na poist líonta, Bhainisteoir Forbartha Gnó ag tús 2022. Tá grúpa comhairleach comhpháirtíochta curtha in áit ag an gcomhlacht chun an togra a stiúrú, san áireamh sa ghrúpa seo tá Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí. I 2023 deineadh iarratas ar an scéim Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT) chun maoiniú breise a bhaint amach agus tríd an scéim seo bronnadh €3.27m ar an gcomhlacht. Leis an maoiniú seo san áireamh, tá dul chun cinn suntasach déanta agus faoi láthair tá tógálaí ar an suíomh ag obair ar Chéim 1 a bheidh críochnaithe i dtosach 2026 ar chostas de thart ar €8.6m. Beidh go leor le déanamh ina dhiaidh sin arís mar beidh 1,700 meadar cearnach d'achar fós le forbairt mar chuid de Chéim 2.




↑ Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, ag freastal ar ócáid Ealaín na Gaeltachta

## Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

Tá fás leanúnach tagtha ar chumas eagraíochtúil Ealaín na Gaeltachta le roinnt blianta anuas. Seoladh plean straitéiseach Ealaín na Gaeltachta 2023–2027 agus tá dul chun cinn suntasach déanta ar a chur i bhfeidhm in 2024. Díríonn straitéis Ealaín na Gaeltachta ar rannpháirtíocht sna healaíona a chothú agus a mhéadú i measc daoine óga agus an phobail i gcoitinne; ar thacú le healaíontóirí Gaeltachta a gcleachtais agus a ngairmeacha beatha a chothú agus a fhorbairt; agus an bonneagar ealaíon sa Ghaeltacht a neartú.

Buaicphointe suntasach earnála i rith 2024 ba ea oscailt oifigiúil Teaċ Daṁsa i nGaeltacht Chorca Dhuibhne ar an 7 Meán Fómhair. Beidh an t-ionad nua seo, atá lonnaithe ar an nGlaise Bheag, mar lárionad damhsa agus amharclannaíochta ar chaighdeán idirnáisiúnta atá fréamhaithe i dtraidisiúin agus i gcultúr na háite. Tá an tionscadal seo ag teacht go láidir le físeanna Ealaín na Gaeltachta maidir le forbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht agus léiríonn sé an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht i dtionscadail nuálacha chultúrtha ar ardchaighdeán.

Lean Ealaín na Gaeltachta lena clár oibre ag cur tacaíochta ar fáil do réimse leathan de ghníomhaíochtaí ealaíona sa Ghaeltacht trína cuid scéimeanna maoinithe éagsúla. Cuireadh maoiniú de €1.71m ar fáil do 268 togra ealaíona le linn 2024. Leanadh le gníomhaíochtaí chlár Cuisle, atá á sholáthar le tacaíocht na RTCEGS&M, agus d'fhreastail 4,983 duine óg ar ranganna sna ceantair Ghaeltachta faoi stiúir 88 teagascóir.

## Muintearas Teoranta

Is fochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta é Muintearas Teo. Cuireann Muintearas seirbhísí óige agus seirbhísí fiontraíocht shóisialta ar fáil. Le linn 2024, lean Muintearas ag reáchtáil Scéim na gCúntóirí Teanga i 104 scoil agus ag reáchtáil Clár Aclaíochta agus Spóirt i 17 scoil – maoinithe ag an Roinn TCGASM. Reáchtáil Muintearas an Scéim Campaí Samhraidh agus cuireadh €270,000 ar fáil do ghrúpaí agus coistí chun 167 campa Samhraidh á reáchtáil le linn an tsamhraidh. Tá 36 club óige cláraithe le Muintearas Teo agus tá ionaid óige ag feidhmiú i roinnt LPT Gaeltachta. Tá dhá Naíolann agus iarscoil i dTír an Fhia agus Gaoth Dobhair á reáchtáil ag an eagraíocht. Cuireann Muintearas seirbhísí fiontraíocht shóisialta ar fáil go háitiúil i dTír an Fhia, idir gteic agus an caifé pobail – An Chlúid. Is ionad oideachasúil é Muintearas atá cláraithe mar ionad QQI chomh maith. Bhí 144 duine fostaithe leis an gcomhlacht sa bhliain 2024.

## Comhar Naíonraí na Gaeltachta


Is comhlacht neamhspleách é Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) a fhaigheann maoiniú ó Údarás na Gaeltachta chun seirbhís bhainistíochta agus riaracháin a chur ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Tá 248 duine fostaithe ag an CNNG faoi láthair. Tá 234 duine fostaithe sna seirbhísí luathbhlianta agus tá 14 fostaí sa chomhlacht féin.

Le linn na scoilbhliana 2024/2025 tá 2,214 páiste ag freastal ar 135 seirbhís luathbhlianta atá faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta. Is sin ardú 231 páiste agus 5 seirbhís breise ón mbliain roimhe. Meastar go mbeidh 2-3 seirbhís breise á soláthar sa tréimhse 2025/2026, ag brath ar chlárú Tusla do na seirbhísí sin.

# Athbhreithniú de réir Ceantair Ghaeltachta



# Gaeltacht na Gaillimhe




## Turasóireacht

Ceadaíodh maoiniú de €2,410,000 d 'Ionad Árann ó fhoinsí Fáilte Éireann i rith na bliana agus tá tús curtha leis an obair deartha.

Cuireadh tús leis an obair thógála ar an Eispéireas nua turasóireachta, a bheidh dírithe ar scéal na nImirceach, i gCarna.

Cuireadh tús le taighde ar Eispéireas Turasóireachta atá beartaite mar chuid d'Ionad Domhanda na Gaeilge ar an gCeathrú Rua agus tá obair leanúnach ar siúl maidir le forbairt bhreise ar Ionad na Feamainne i Leitir Mealláin.

Críochnaíodh Céim 2 de Shiúlóidí Sheanamhach le hinfheistíocht iomlán de thart ar €770,000 déanta le cúpla bliain anuas le tacaíocht ó mhaoiniú ORIS.

## Fiontair Pobail

Rinneadh dul chun cinn mór ó thaobh tionscadal Fiontair Pobail i rith 2024.

### Ionad Óige agus Oideachais

D'éirigh leis an Udarás cead pleanála a fháil don Ionad Óige agus Oideachais in Indreabhán, ta tús curtha leis an bpróiseas miondeartha anois.

### Ionad Pobail Mhaigh Cuilinn.

Ceadaíodh €6m don Údarás i rith an bliana ó Chiste Infheistíochta d'Ionaid Pobail chun forbairt a dhéanamh ar Ionad Pobail nua i Maigh Cuilinn ina mbeidh gTeic Ionnaithe freisin. Ta tús curtha leis an bpróiseas miondeartha anois.

## Forbairt na Fiontraíochta

Tugadh tacaíocht do 52 togra micreafhiontraíochta i rith na bliana chun cuidiú leo a ngnó a fhorbairt.

Tugadh tacaíocht do dhá ghnó ceardaíochta ón nGaillimh atá ag cur tús lena ngnó freastal ar Showcase i mí Eanáir agus bhí seastán curtha ar fáil dóibh, agus bhí trí ghnó ceardaíochta eile a raibh tairgí á dtaispeáint acu ar sheastán an Údaráis.

Cheadaigh an tÚdarás €346,762 chun cistin ullmhucháin bia a fhorbairt i Ros Muc chun cuidiú le micrifhiontair bia sa cheantar a fhorbairt.

## Earnáil Ghlas

Leanadh ar aghaidh le forbairt ar togra Saolré i gCasla agus meastar go mbeidh dul chun cinn suntasach ar an togra in 2025. Cuireann an togra Eorpach E6 saineolas ar fáil don togra seo agus tagarmharcáil leanúnach ar siúl le tograí cosúil leis ar fud na hEorpa.

## Earnáil Dhigiteach

Cuireadh tacaíocht ar fáil do 25 mionghnó i rith na bliana chun cuidiú leo barrfheabhais a chur ar a suíomh idirlín.

Rinneadh réamhobair i rith na bliana ar bhealaí chun digitiú a dhéanamh ar na próisis forbartha pobail agus fiontraíocht shóisialta agus tá taighde ar siúl ina leith seo.



↑
Ag seoladh Plean 'Town Centre First' don Cheathrú Rua: Seán Ó Coisdealbha (Bainisteoir Réigiún an Iarthair, Údarás na Gaeltachta), John Caulfield (Stiúrthóir Cur i bhFeidhm Straitéise, Ollscoil na Gaillimhe), Hazel Fox (Oifigeach Athnuachana Baile, Comhairle Chontae na Gaillimhe), Uinsinn Finn (Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae na Gaillimhe), Rónán Mac Con Iomaire (Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail & Pleanála Teanga), Ultan Ó Fatharta (Feidhmeannach Forbartha, Údarás na Gaeltachta), agus an Clr Thomas Welby (Cathaoirleach Cheantar Bardasach Chonamara)
8 Samhain, 2024

## Forbairt Pobail

Cuireadh tús i rith na bliana le comhpháirtíocht le Comhairle Contae na Gaillimhe chun Plean Lár Baile a fhorbairt don Ceathrú Rua, tá tús curtha leis an obair.


Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm Plean Gnímh Na Ceathrún Rua agus Plean Gnímh Iorras Aithneach agus i measc na dtograí a ndearnadh dul chun cinn orthu i rith na bliana, tá Ionad Domhanda na Gaeilge agus togra An Clochar i gCarna.

Ceadaíodh deontas do Choiste Páirc Na bhForbacha ar Staidéar Féidearthachta maidir le Máistirphlean a ullmhú don suíomh i gCnocán an Bhodaigh, Na Forbacha.

## An Phleanáil Teanga

Tá pleananna teanga á bhfeidhmiú i ngach ceann de na deich Limistéar Pleanála Teanga atá i nGaeltacht na Gaillimhe le linn 2024. Tá infheistíocht iomlán de €1.56m sa bhliain i gceist d'fheidhmiú pleananna teanga i nGaeltacht na Gaillimh agus tá 14 post mar Oifigeach Pleanála Teanga aitheanta leis na pleananna sin. Cuireadh dlús le himeachtaí Gaeilge sna ceithre Limistéir atá gar do Chathair na Gaillimhe le linn na bliana agus bhí comhoibriú leanúnach idir na hOifigigh Pleanála Teanga sna ceantair sin chun gníomhaíochtaí nua a sholáthar do phobal na Gaeilge sna ceantair sin agus tacú leo siúd a bhí ag iarraidh cur lena gcumas teanga. I gcás LPT áirithe mar shampla, eagraíodh cúrsaí Gaeilge agus d'fhreastail os cionn céad duine ar ranganna Gaeilge le linn na bliana sa limistéar sin.

# Gaeltacht Mhaigh Eo




## Turasóireacht

Cuireadh tús leis an an togra SOLAS i rith na bliana le hinfheistíocht de €4m. Bhí séasúr maith ag an togra in 2024 agus tá foireann bainistíochta agus oibriúcháin ag feidhmiú sa togra anois atá ag cur le fostaíocht áitiúil.

Rinneadh iarratas i rith na bliana ar stádas UNESCO don Geopáirc agus tá clár oibre leanúnach ar siúl chun an stádas sin a bhaint amach.

Cuireadh críoch leis an staidéar teicniúil ar Shlí Cósta Iorras agus tá dearadh déanta anois ar na siúlódí a d'fhéadfaí a fhorbairt mar chuid den Slí Cósta.

Eagraíodh ócáidí oiliúna agus forbartha don tionscail turasóireachta chun cuidiú leo buntáistí a bhaint as An Spéir Dorcha agus pacáistí nua a chur le chéile

## Fiontair Pobail

Cuireadh tacaíocht ar fáil do Seirbhísí Cúraim Chill Chomáin chun áis nua turasóireachta a fhorbairt i Ros Dumhach. Tá súil le hiarratas a dhéanamh ar chead pleanála in 2025.

D'éirigh le Coiste Pobail Corr Cloch cead pleanála a fháil chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an Ionad Pobail.

## Forbairt na Fiontraíochta

Tugadh tacaíocht do 20 togra micreafhiontraíochta i rith na bliana chun cuidiú leo a ngnó a fhorbairt.

Tugadh tacaíocht do ghnó ceardaíochta as Maigh Eo atá ag cur tús lena ngnó, freastal ar Showcase i mí Eanáir agus bhí seastán curtha ar fáil dóibh.

Cuireadh tús le obair pleanála chun Ionad agus togra Fiontair Shóisialta a bheidh dírithe ar tháirgí, as Acaill a fhorbairt i mBun an Churraigh i bpáirtnéireacht le Comhlacht Forbartha Áitiúl Acla.




↑
SOLAS – Mol nua turasóireachta agus eispéireas cuairteoirí
1 Bealtaine, 2024

## Earnáil Ghlas

Leanadh ag cur i bhfeidhm an togra Glow 2.0 chun cuidiú leis na deiseanna a bhaineann leis An Spéir Dhorcha a fhorbairt.

Tá taighde ar siúl maidir leis na deiseanna atá ag teacht chun cinn le seirbhísí Saolré a lonnú san Ionad Pobail nua ar an Corr Chloch.

Eagraíodh ócaidí eolais faoi thogra An Traonach do na feirmeoirí atá ar an Scéim Soisialta Tuaithe ar dhea-chleachtais chun An Traonach a chaomhnú.

## Earnáil Dhigiteach

Cuireadh tacaíocht ar fáil do 3 mionghnó i rith na bliana chun cuidiú leo barrfheabhais a chur ar a suíomh idirlín.

Cuireadh tacaíocht ar fáil do 6 comhlacht i rith na bliana chun taighde a dhéanamh ar a gcuid próiseas digiteach agus deiseanna forbartha a aithint tríd an togra Data2Sustain. Bhog 5 comhlacht ar aghaidh chuig an dara céim chun tabhairt faoi thograí ar nós córas bainistíochta taifid ar líne chun próisis pháipéarachais a éascú, agus úsáid teicneolaíochta “LoRa” chun dramhaíl uisce a laghdú. Tá an obair seo ag léiriú conas is féidir le nuálaíocht agus teicneolaíocht cabhrú le hinbhuanaitheacht a bhaint amach.

Rinneadh taighde breise teicniúil ar spás i gcomhair an gteic i dTuar Mhic Éadaigh.

Cuireadh tús leis an obair dheartha ar athchóiriú agus méadú an gteic i mBéal an Mhuirthead.

## Forbairt Pobail

Cuireadh tús i rith an bliana le togra chun athchóiriú a dhéanamh ar an Seanteic i mBéal an Mhuirthead i bpáirt le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Iontaobhas an Seanteic.

Tugadh tacaíocht do 6 choiste áitiúil faoin Scéim Fiontair Pobail.


Eagraíodh cúrsaí oiliúna i rith na bliana do shaoistí ar scéimeanna Sóisialta Tuaithe, Forbairt Pobail agus TÚS.

## An Phleanáil Teanga

Tá dhá Limistéar Pleanála Teanga agus Baile Seirbhíse Gaeltachta sainaitheanta do Ghaeltacht Mhaigh Eo. Bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú sa dá Limistéar Pleanála Teanga i Maigh Eo le linn na bliana. Tá infheistíocht iomlán de €300,000 sa bliain i gceist d'fheidhmiú pleananna teanga sa dá LPT i Maigh Eo agus tá trí phost mar Oifigeach Pleanála Teanga aitheanta leis na pleananna sin. Bhí iarrachtaí idir lámha ag an cheanneagraíocht pleanála teanga nua-bhunaithe, Pobal Feasta CTR, le comhairleoir a aimsiú le tacú leo tabhairt faoi ullmhú plean teanga do BSG Bhéal an Mhuirthead le linn na bliana agus táthar ag súil go mbeifear in ann céimeanna chun cinn a thógáil i leith na hoibre i 2025.

Beidh deireadh ag tréimhse feidhmiúcháin pleananna teanga LPT Mhaigh Eo Thuaidh le linn 2025 agus beidh gá le plean teanga nua a réiteach don limistéar sin le linn na bliana.

# Gaeltacht na Mí




## Turasóireacht

Bhí cruinnithe i rith na bliana leis an gCoiste Oidhreachta faoin togra An Talamh Bán.

## Forbairt an Fiontraíochta

Tugadh tacaíocht do 3 thogra micreafhiontraíochta i rith na bliana chun cuidiú leo a ngnó a fhorbairt.

## Earnáil Dhigiteach

Osclaíodh an gteic i Rath Cairn agus i mBaile Ghib i rith na bliana.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaobh cur chun cinn infreastruchtúr na mionfhiontraíochta sa dá cheantar Gaeltachta i gContae na Mí in 2024 nuair a osclaíodh dhá gteic ar an lá céanna, ceann i Ráth Chairn agus an ceann eile i mBaile Ghib. Ba é Aire Stáit na Gaeltachta, Thomas Byrne, a d'oscail an dá ionad, agus an dá ócáid ag tarraingt slua mór mar cheiliúradh ar an dul chun cinn sna pobail sin.

## Forbairt Pobail


Cuireadh tacaíocht ar fáil do Comharchumann Ráth Chairn chun an Clár Forbartha Pobail a chur i bhfeidhm

## An Phleanáil Teanga

Cuireadh dlús le feidhmiú phlean teanga LPT Ráth Chairn agus Bhaile Ghib le fostú OPT nua sa cheantar sin. Is iad Comharchumann Ráth Chairn Teo. an cheanneagraíocht atá freagrach as an bplean teanga a fheidhmiú sa limistéar sin agus bhí maoiniú iomlán de €120,000 ar fáil d'fheidhmiú an phlean teanga.

Beidh deireadh ag tréimhse feidhmithe an phlean teanga LPT Ráth Chairn agus Baile Ghib le linn 2025 agus beidh gá le plean teanga nua a réiteach don limistéar sin le linn na bliana.

# Gaeltacht Dhún na nGall




Ceadaíodh 72 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall i rith 2024; rud a d'fhág go raibh 2,647 ag obair i gcliaintghnólachtaí an Údaráis i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh 2024.

## Earnáil na Fiontraíochta

Ar na tograí fiontraíochta ar ceadaíodh tacaíocht dóibh le linn 2024 bhí na cinn a leanas:

### Cairéil Mhic Giolla Teoranta

Is comhlacht táirgthe táirgí coincréite é Cairéil Mhic Giolla Teoranta a bhfuil dhá láthair oibre aige i nGaoth Dobhair agus láthair i Mín Uí Bhaoill, Croithlí. Tá a chuid táirgí á gcur ar fáil aige do mhargadh na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Rinneadh infheistíocht shuntasach i ngnó an chomhlachta le linn 2024 le tacaíocht an Údaráis. Meastar go n-ardófar líon na fostaíochta sa chomhlacht ó 31 post go 52 post mar thoradh ar an infheistíocht seo.

### Tithe Beaga Teoranta

Is comhlacht nuabhunaithe é seo, Tithe Beaga Teoranta a bhfuil gnó déantúsaíochta tithe modúlacha / micreathithe forbartha aige ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Meastar go mbeidh deich bpost sa chomhlacht in am trátha mar thoradh ar an infheistíocht seo.

### CEH Teoranta

Is comhlacht nuabhunaithe é seo atá i mbun gnó san earnáil gnó déantúsaíochta tithe modúlacha. Is frámaí adhmaid saindeartha agus curtha le chéile le húsáid chun teach nó foirgneamh d'úsáid éagsúla a thógáil atá i gceist sa togra, bíodh sin teach de struchtúr adhmaid ina iomláine nó struchtúr adhmaid taobh istigh agus duilleog sheachtrach tógtha ag úsáid brící nó ábhar eile mar stán nó ábhar plaisteach. Meastar go mbeidh suas le fiche duine fostaithe sa ghnó, idir fostaithe lánaimseartha agus fostaithe páirtaimseartha nuair a bheidh an gnó faoi lánseoil.



↑
Teach Solais Fhánada

### Infheistíocht €5.7 Milliún do Kelsius ar an Fhál Carrach

Cheadaigh an tÚdarás infheistíocht shuntasach de €5.7 milliún do Kelsius, an príomhfhostóir ar an Fhál Carrach. Díreofar an infheistíocht ar fhoirgneamh an chomhlachta a athchóiriú agus a mhéadú (1,987m²).

Cuirfidh an t-athchóiriú seo go mór le cumas táirgeachta an chomhlachta agus cruthóidh sé deiseanna nua fostaíochta sa cheantar. Is céim thábhachtach é seo i bhforbairt eacnamaíoch an Fháil Carraigh.

### Seirbhísí DLAN Teo

Ceadaíodh pacáiste tacaíochta i leith plean gnó do Seirbhísí DLAN Teo le linn 2024. Bunaíodh an comhlacht seo in Anagaire in 2022. Is speisialtóir é DLAN ar innealra trom a aththógáil / a athchóiriú. Tá dhá ghné i gceist le forbairt an ghnó:

- Athchóiriú agus athdhíol innealra tochailte trom d'ardchaighdeán.
- Dearadh agus déantúsaíocht ar threalamh/innealra do thochailteoirí – ordóga hiodrálacha agus buicéid tochailte.

Táthar ag súil go mbeidh suas le 20 post sa chomhlacht in am trátha mar thoradh ar an infheistíocht seo.

## Scéimeanna Fostaíochta Pobail

Bhí 281 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana le 113 rannpháirtí ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, seisear ar Tús Nua, 125 ar an Scéim Fostaíochta Pobail agus 37 ar Scéim TÚS. Tá na scéimeanna á riaradh ag an Údarás agus á maoiniú ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

## Clár LEADER

Cuireadh tús le Clár nua LEADER an Údaráis in 2024 i gcomhar le Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Dhún na nGall. Is iad téamaí an Chláir nua, a mhairfidh go 2027 ná:

- Forbairt Eacnamaíochta, Forbairt Fiontair agus Cruthú Fostaíochta
- Bonneagar Tuaithe agus Cuimsiú Sóisialta
- Forbairt Inbhuanaithe agus Athrú Aeráide

Tá clár LEADER le háireamh ar na príomhbhearta idirghabhála faoi Thodhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann.

## Scéim na gComharchumann agus na nEagras Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú reáchtála iomlán €1,009,598 ar fáil d'aon-eagras déag faoin gClár Forbartha Pobail in 2024 chun cur ar a gcumas tabhairt faoi chlár forbartha pobail ina gceantar feidhme, dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil.

Cuireadh maoiniú ar fáil don earnáil fhorbartha pobail, idir eagrais mhaoinithe agus dheonacha tríd Scéim Fiontair Shóisialta agus Scéim Fiontair Pobail an Údaráis in 2024 chomh maith.

Bunaíodh comhlacht pobalbhunaithe úr 'Forbairt Pobail Trí Bhaile CTR' i gceantar Bhaile na Finne i gcomhar le coistí forbartha an cheantair in 2024. Beidh an comhlacht úr ag dul i mbun gnó in 2025.

## Gradaim na Gaeltachta

Is comórtas do thograí pobalbhunaithe é Gradaim na Gaeltachta, atá á reáchtáil ag an Údarás le haitheantas a thabhairt do na tograí fiúntacha agus suimiúla atá á gcur chun cinn ar fud na Gaeltachta agus don obair mhór atá á déanamh ag eagraíochtaí forbartha pobail sa Ghaeltacht. Bhí rannpháirtíocht agus ionadaíocht iontach láidir ó eagraíochtaí forbartha pobail as Gaeltacht Dhún na nGall sa chomórtas in 2024. D'éirigh le Coiste Forbartha Chnoc Fola an phríomhdhuais a bhuachaint i gcatagóir na gCoistí Deonacha, ba iad Áislann Chill Chartha a bhain an phríomhdhuais i gcatagóir 'Togra Seirbhísí Sóisialta na Gaeltachta' agus Lárionad Acmhainní Nádúrtha a thug leo an phríomhdhuais i gcatagóir 'An Óige'.



↑
Tionscal táirgíochta bréidín i nDún na nGall

## gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

Leanadh le clár oibre forbartha ar Ghréasán na Mol Digiteach le linn 2024. Críochnaíodh gteic@ Bhaile na Finne atá anois oscailte agus i mbun gnó. Rinneadh forbairt ar gteic Thoraí le linn 2024 agus táthar ag súil go mbeidh an fhorbairt seo críochnaithe go luath in 2025

## Scéim Trádáil ar Líne

Tá sé mar aidhm ag an Scéim Trádáil ar Líne líon na ngnóthaí Gaeltachta atá ag trádáil ar líne a mhéadú agus a ndíolacháin ar líne a bhorradh. In 2024, ceadaíodh 9 n-iarratas faoin scéim seo do ghnóthaí i nGaeltacht Dhún na nGall.

## Diaspóra – Ceangal leis Na hOileáin Thiar agus Dún Éideann

Tá gaol láidir ag Gaeltacht i dTír Chonaill le hAlbain agus go háirithe iarthar na hAlban, is cuid tréan dá diaspora é.

### Ceangal leis Na hOileáin Thiar

Fuair Údarás na Gaeltachta cuireadh ó Chomhairle nan Eilean Siar, rialtas áitiuil ar na hOileáin in Iarthuaisceart na hAlban agus ó Údarás Harris Tweed, turas a thabhairt ar na hoileáin agus cur i láthair a thabhairt faoi na ceangail idir Éirinn agus Albain, go háirithe naisc chultúrtha agus teanga chomh maith le cur síos ar obair an Údaráis. Bhí turais ar na láithreacha oibre ar na hoileáin chomh maith leis sin pléadh féidearthachtaí ar thuilleadh chomhoibrithe a dhéanamh faoi théamaí oiliúna, faoi mheantóireacht, faoi mhargaiocht i nGaeilge agus i nGàidhlig agus faoin stádas PGI, Tasca Geografacha faoi chosaint don tionscal bréidín



↑
Tionscal an Driogtha i nDún na nGall

### Dún Éideann

Fuarthas cuireadh chomh maith, ó Chonsalacht na hÉireann in Albain dul go Dún Éideann, le páirt a ghlacadh i gceardlann le tionscal bhréidín Dhún na nGall a chur i láthair agus scrúdú a dhéanamh ar an stádas Tásca Geografacha Chosaint atá á lorg do Bhreidín Dhun na nGall. Ghlac comhlachtaí bréidín agus sníomhacháin as Dún na nGall: Magee 1866, Molloy & Son agus Snáth Dhún na nGall Teo. páirt ghníomhach sa cheardlann. Bhí comhphairtithe forbartha as Oifig Fiontair Áitiúil (LEO), Bord Oideachais agus Oiliúna agus Comhairle Contae Dhún na nGall mar chuid den turas fosta.

## Plean Forbartha Ghaoth Dobhair

Cuireadh tús le hullmhú phlean forbartha comhtháite do pharóiste Ghaoth Dobhair in 2024. Ba í Meitheal Oibre Plean Comhtháite Ghaoth Dobhair a thug faoin obair seo i gcomhar le Hosty Consulting le tacaíocht ó Údarás Na Gaeltachta. Ba í an fhís a bhí ag an Mheitheal ná plean forbartha cuimsitheach a ullmhú do pharóiste Ghaoth Dobhair a chinnteoidh go bhfuil an leas is fearr á bhaint as acmhainní nádúrtha, cultúrtha agus daonna an pharóiste. Tugadh deis do choistí, eagraíochtaí agus pobal na paróiste ionchur a bheith acu sa phróiseas trí phróiseas comhairliúcháin poiblí. Táthar ag súil go bhfoilseofar an plean go luath in 2025.

## Scéal na Teicstíle in Iardheisceart Dhún na nGall

Rinne Údarás na Gaeltachta i gcomhar le hÁislann Chill Charthaigh, ócáid phobail a eagrú i gCill Charthaigh faoi stair agus faoi fhorbairt thionscal na Teicstíle i nGaeltacht Iarthuaisceart Dhún na nGall mar chuid de Sheachtain na Fiontraíochta i mí Mhárta 2024. Pléadh na hathruithe a tháinig ar thionscal na teicstíle i gCill Charthaigh agus san Iardheisceart thar tréimhse corradh agus céad fiche bliain. Scrúdaíodh an dóigh a dtáinig an tionscal chun méadaíochta thar na blianta agus na dúshláin a sáraíodh.

Rinneadh scannán gairid faoi stair an bhréidín a sheoladh den chéad uair ar an oíche chomh maith, scannán inár cuireadh agallamh ar dhaoine áitiúla a bhíodh ag obair agus a oibríonn san earnáil seo – déanann siadsan cur síos ar scéal an sníomhacháin agus an bhréidín sa cheantar.

Tá fostaíocht shuntasach i ngnóthaí teicstíle i gceantar an Iardheiscirt faoi láthair agus tá an earnáil ag gabháil ó neart go neart.

## Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair

Cuireadh tús le hathfhorbairt Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair in 2024 le hinfheistíocht shuntasach déanta i gcóras soilse poiblí úr.

## Cead Pleanála – Ionad Fiontraíochta na Carraige

Ceadaíodh cead pleanála don Údarás le hionad fiontraíochta iolúsáide a fhorbairt ar an gCarraig in Iardheisceart Dhún na nGall in 2024. Meascán de spás fiontraíochta deántúsaíochta, ceirde agus oifige a bheidh san ionad, spás measta iomlán 370 m2, atá le forbairt i gcomhar le Coiste Forbartha na Carraige ar shuíomh dhá heicteár i seilbh an Choiste (faoi chúram iontaobhaithe), díreach ar imeall shuíomh an Údaráis ar a bhfuil Ionad Fiontraíochta Shliabh Liag forbartha.

## Clár na gComhlachtaí – Dún na nGall

Ghlac trí mheánscoil as Gaeltacht Dhún na nGall páirt sa chlár seo in 2024 – Pobalscoil na Rosann, Pobalscoil Ghaoth Dobhair agus Gairmscoil Chú Uladh. D'éirigh le 'Duán', táirge fearas iascaireachta ó Phobalscoil na Rosann, agus an mionchomhlacht 'GaelOpoly' (cluiche boird atá dírithe ar an Ghaeilge, turasóireacht agus stair an Chontae) ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair áit a fháil sa Chraobh Náisiúnta.

Reáchtáladh Craobh Náisiúnta Chlár na gComhlachtaí sna Forbacha agus seacht bhfoireann ó shé scoil Ghaeltachta a bhí páirteach ann. D'éirigh le Pobalscoil Ghaoth Dobhair Gradam Nualaíochta a bhaint amach don tairge 'GaelOpoly'.



↑
Kevin Ó Flatharta, Feidhmeannach Margaíochta Údarás na Gaeltachta; Moya Brennan agus Pól Brennan, baill den bhanna ceoil cáiliúil Clannad; Daniel De Buitléir, faighteoir na sparánachta "Clannad – Caoga Bliain Faoi Bhláth" agus Danielle Nic Pháidín, Áisitheoir Ealaíona le hEalaín na Gaeltachta ag ócáid bronnta na sparánachta.
13 Lúnasa, 2024

## Scéim Sparánachta Chlannad

I mí Lúnasa 2024, d'fhógair Údarás na Gaeltachta gur bronnadh an sparántacht "Clannad – Caoga Bliain Faoi Bhláth", ar fiú €30,000 í, ar an ealaíontóir Gaeltachta Daniel De Buitléir. Bronnadh an sparántacht mar aitheantas don tionchar ollmhór a bhí ag Clannad ar chur chun cinn na Gaeilge le breis is leathchéad bliain anuas, agus cuirfidh sí ar chumas an ealaíontóra saothar úr ealaíne a fhorbairt trí Ghaeilge thar thréimhse trí bliana. Léirigh baill Chlannad a ndóchas go spreagfadh an sparántacht seo glúin nua ealaíontóirí chun saothar a chruthú i nGaeilge agus cultúr na Gaeltachta a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, ag léiriú tiomantas leanúnach an Údaráis do thodhchaí bheo, chruthaitheach don Ghaeilge agus do chultúr na Gaeltachta.

## An Phleanáil Teanga

Tá pleananna teanga á bhfeidhmiú sna hocht Limistéar Pleanála Teanga i nGaeltacht Dhún na nGall mar aon le BSG An Chlocháin Léith. Tá obair leanúnach idir lámha ag na ceanneagraíochtaí pleanála teanga atá dírithe ar spriocanna na bpleananna sin a bhaint amach. Anuraidh cuireadh maoiniú de €1.14m ar fáil don obair seo, agus tá 10 bpost mar Oifigeach Pleanála Teanga ceangailte leis na pleananna teanga sin.

Tacaíonn na hOifigigh Pleanála Teanga le chéile tríd fhóram réigiúnach a bhíonn á n-eagrú ag an Údarás. Thug seo deis do na hOifigigh Pleanála Teanga comhoibriú ar roinnt tograí comónta i réimsí éagsúla na pleanála teanga ar nós feachtas 'Ceannaigh go háitiúil don Nollaig', imeachtaí teangabhunaithe agus go leor deiseanna sóisialaithe trí mheán na Gaeilge do gach aoisghrúpa. Léiríodh le linn na bliana an ról tábhachtach atá ag na hOifigigh Pleanála Teanga agus iad ag comhoibriú agus ag tacú leis na scoileanna Gaeltachta chun aitheantas mar Scoil Ghaeltachta a bhaint amach faoin Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

Beidh deireadh ag tréimhse feidhmithe pleananna teanga LPT Chloich Cheannfhaola, LPT Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir agus LPT Árainn Mhór le linn 2025 agus beidh gá le pleananna teanga nua a réiteach do na limistéir sin le linn na bliana.

# Gaeltacht Chiarraí




↑ Dún Chaoin

## Turasóireacht

### Seoladh Máistirphlean Fuinnimh Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe (PFI) Turasóireachta agus Fáilteachais Chorca Dhuibhne

Seoladh Máistirphlean Fuinnimh Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe Turasóireachta agus Fáilteachais Chorca Dhuibhne ar an 23 Deireadh Fómhair sa Díseart sa Daingean. Tá ról thar a bheith tábhachtach ag an turasóireacht i ngeilleagar Chorca Dhuibhne. I bhfianaise na fírice seo, bunaíodh an PFI i Márta 2023 agus é mar chuspóir aige cleachtais níos glaine agus níos inbhuanaithe a chothú san earnáil. Toisc é a bheith ar an gcéad PFI tiomnaithe go hiomlán do thurasóireacht agus fáilteachas in Éirinn, tá sé i gceist ag an tionscnamh seo slí shoiléir, inbhuanaithe a leagan amach do ghnónna san earnáil agus cuirfidh sé pointí foghlama ar fáil chun go mbeidh ceantracha eile in ann dul i mbun gnímh. An bhunlíne, fuinneamh d'earnáil na turasóireachta ar an leithinis ná 29,913 MWh, — méid ábhalmhór gurb ionann é agus €5.9 milliún sa bhliain. Tá sé mar aidhm ag an PFI go mbeidh an úsáid fuinnimh seo níos éifeachtaí, ag dul chun tairbhe na timpeallachta agus an gheilleagair áitiúil araon. Is comhfhiontar idir an Dingle Hub, Údarás na Gaeltachta, Fáilte Ireland, Comhairle Contae Chiarraí agus Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne é an togra.

### Corca Dhuibhne ag Lonrú ag *The Big E*

D'éirigh thar barr le rannpháirtíocht Co. Chiarraí agus Leithinis Chorca Dhuibhne ag ócáid The Big E i Springfield, Massachusetts le déanaí. Bhí ról tábhachtach ag Údarás na Gaeltachta sa taispeántas seo, ag cur chun cinn nasc cultúrtha agus eacnamaíocha idir Éirinn agus Iarthar Massachusetts. Chuir an tÚdarás béim ar leith ar thábhacht na Gaeltachta agus ar na deiseanna gnó agus infheistíochta atá ar fáil sna ceantair seo.

## Forbairt na Fiontraíochta

### Solar Beo Teo

Ceadaíodh deontas staidéar féidearthachta do Solar Beo Teo. chun tacaíocht a thabhairt don chomhlacht chun na féidearthachtaí a bhaineann le bogearra agus gnó teicneolaíochta a fhorbairt i gceantar Gaeltachta Chorca Dhuibhne, Co. Chiarraí, a mheas.

### Togra d'fhorbairt saoráidí breise i mBaile an Fheirtéaraigh

Cuireadh iarratas ar chead pleanála faoi bhráid Chomhairle Contae Chiarraí i mí na Nollag 2023 don fhorbairt beartaithe i mBaile an Fheirtéaraigh. Tá áiseanna oideachais, cóiríocht lóistín, halla pobail agus áiseanna eile pobail mar chuid den fhorbairt beartaithe agus maoiniú ceadaithe le céim an deartha a thabhairt chun críche tríd an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. Diúltaíodh cead pleanála don togra i mí Márta ach táthar ag súil le hiarratas nua ar chead pleanála don togra a chur faoi bhráid Chomhairle Chontae Chiarraí roimh dheireadh mí Márta 2025.

### Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh

Grúpa tras-earnála é seo a bunaíodh faoi chathaoirleacht an Údaráis i 2017 chun díriú ar fhadhb chreimeadh daonra leanúnach in Uíbh Ráthach. I dteannta eagrais stáit náisiúnta agus réigiúnacha, chomh maith le hinstitiúidí oideachais, tá ionadaithe pobail agus gnó áitiúil gníomhach ar an Tascfhórsa.

Buaicphointí 2024

- Tá 20 teaghlach tar éis athlonnú go dtí an cheantar go dáta le tacaíocht ón Tascfhórsa
- Tá an dara gníomhphlean trí bliana anois á chur i bhfeidhm
- Seoladh treochlár do thionscadail tithíochta inacmhainne d'Uíbh Ráthach faoi stiúir an phobail
- Chas ionadaithe ó fho-choiste sláinte an Tascfhórsa leis an Aire Sláinte i nDáil Éireann chun géarchéim dochtúirí teaghlaigh a phlé leis
- Tá obair leanúnach ar siúl i dteannta FSS chun treisiú a dhéanamh ar sheirbhísí meabhairshláinte sa cheantar

## Earnáil Dhigiteach

### gteic Uíbh Ráthaigh

Críochnaíodh tógáil an fhoirgnimh i mí Meán Fhómhair, agus béim le linn an cheathrú dheireanaigh den bhliain ar threalamh riachtanach a chur in áit, ina measc, áiseanna fís-chomhdhála agus rochtain gan eochair. Ceapadh bainisteoir forbartha gnó i mí Lúnasa 2024 agus tá tús curtha le feachtas chun úsáideoirí a mhealladh chuig an gteic. I measc na gcéimeanna atá tógtha go dáta tá:

- Próifíl bheo ar Connected Hubs
- Cuntais ar na meáin shóisialta cruthaithe agus in úsáid
- Bileog eolais priontáilte agus scaipthe ar fud Uíbh Ráthaigh
- Lá oscailte do phobal Uíbh Ráthaigh mar chuid de Phatrún Mhichíl
- Lá Cianoibre agus Conasc i gcomhpháirtíocht le Grow Remote
- Cruinniú de Ghréasán na Mol Digiteach i gCiarraí ar an láthair
- Lá do chomhlachtaí agus gnólachtaí áitiúla
- Próiseas soláthar poiblí curtha in áit i dtaobh plean margaíochta don gteic a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Teagmháil dhíreach déanta le roinnt comhlachtaí agus eagrais stáit maidir le húsáid na háise.

### gteic@CorcaDhuibhne

Tá gteic@CorcaDhuibhne oscailte agus faoi lán seoil agus á bhainistiú ag Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. Ceadaíodh maoiniú níos luaithe i mbliana chun an gteic a leathnú agus aonad taobh thuas den gteic a athchóiriú agus oifigí aonaracha, oifigí do bheirteanna agus triúir a chur ar fáil mar chuid de. Táthar ag súil go mbeidh an obair athchóirithe seo críochnaithe roimh dheireadh an tsamhraidh 2025 agus mar thoradh ar sin, beidh thart ar 25 spás breise ar fáil sa gteic.

### Scéim Trádála Ar Líne:

Ceadaíodh 12 iarratas ar an Scéim Trádála Ar Líne do ghnólachtaí i nGaeltachtaí Chiarraí chun suíomh idirlín ríomhthráchtála nua a chur i bhfeidhm nó chun barr feabhais a chur ar a gcuid suíomhanna.




↑ Gradaim na Gaeltachta 2024

## Forbairt Pobail

Cead pleanála faighte ag Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. do thogra tithíochta a fhorbairt i mBaile an Fheirtéaraigh le freastal ar ghanntanas cóiríocht lóistín do choláistí samhraidh sa cheantar. Tá cead pleanála faighte do cheithre theach leathscoite trí stór agus beidh cúig sheomra leapa i ngach teach agus dáréag foghlaimeoir Gaeilge a bheidh i ngach teach. Tá sé i gceist na tithe a ligean amach ar cíos le daoine a choinneoidh foghlaimeoirí Gaeilge do chúrsaí na bhfoghlaimeoirí Gaeilge.

### Forbairt na Dromoda Teo – ainmnithe do Ghradam na Gaeltachta faoi Thograí Seirbhísí Sóisialta na Gaeltachta.


Seirbhís Tacaíochta Cúram Ailse na Dromoda – sprioc atá acu ná saol na n-othar le hailse a dhéanamh níos easca agus imní maidir le cúrsaí iompair a laghdú. Tá an-éileamh ar an tseirbhís iompair cheana féin agus 21 tiománaí deonach ag cur an tseirbhís ar fáil.

## An Phleanáil Teanga

Tá pleananna teanga á bhfeidhmiú in dhá Limistéar Pleanála Teanga i gCiarraí, is iad sin LPT Ciarraí Thiar agus LPT Ciarraí Theas, agus i mBaile Seirbhíse Gaeltachta Dhaingean Uí Chúis. Tá ceithre phoist mar Oifigeach Pleanála Teanga ceangailte leis na pleananna teanga sin agus infheistíocht €420,000 sa bhliain i gceist leo. Lean na ceanneagraíochtaí pleanála teanga ar aghaidh leis na cláir ghníomhaíochtaí éagsúla a bhí acu chun spriocanna a bpleananna teanga a bhaint amach sna ceantair chuí. Bunaíodh Fóram Chiarraí tamall siar chun deiseanna comhoibrithe idir na heagraíochtaí agus na hOifigigh Pleanála Teanga atá ag feidmiú pleananna teanga sa chontae a aithint agus a fheidhmiú. Cuireadh le hionadaíocht an Fhóraim le linn na bliana le ceapacháin Oifigigh Pleanála Teanga den chéad uair le pleananna teanga a fheidhmiú i BSG Thrá Lí agus BSG Chathair Saidhbhín.

Beidh deireadh ag tréimhse feidhmiúcháin pleananna teanga LPT Chiarraí Thiar agus Chiarraí Theas le linn 2025 agus beidh gá le pleananna teanga nua a réiteach do na limistéir sin.

# Gaeltacht Chorcaí




## Turasóireacht

### Ionad Cuairteoirí Chléire

Ag eascairt as Meamram Comhthuisceana a shínigh Údarás na Gaeltachta agus Fáilte Éireann i 2022 chun oibriú le chéile i dtreo fhorbairt na turasóireachta sa Ghaeltacht, tá Comhaontú Páirtíochta don tréimhse 2024 – 2029 sínithe ag an dá eagras i mbliana chun cur ar chumas an Údaráis tograí caipitil pobalbhunaithe a chur faoi bhráid Fáilte Éireann le haghaidh comhmhaoinithe. Roghnaíodh cúig thogra Gaeltachta faoin gcomhaontú seo, ina measc an tIonad Cuairteoirí ar Chléire atá bunaithe ar Eispéireas an Charraig Aonair. Bhí roinnt oibre déanta ag an gComharchumann ar an togra seo roimhe seo chun an togra a fhorbairt agus an tAonad atá ar léas acu ón Údarás a chur in oiriúint, ach le hionchur ó Fáilte Éireann tá sé beartaithe infheistíocht bhreise de €1,039,005 a dhéanamh sa togra. Baineann an infheistíocht seo le léirmhíniúcháin, leithris, táillí bainistíochta agus obair uile eile ar an suíomh thar timpeall. Ceadaíodh soláthar caipitil suas go €1,039,005 ag bhord an Údaráis faoi réir go mbeidh maoiniú de €831,204 nó 80% den chostas iomlán curtha ar fáil ag Fáilte Éireann.

### Comharchumann Forb. Mhúscraí Teo – Grá Mhúscraí

Tá Plean Forbartha Turasóireachta á chur i bhfeidhm ag an gComharchumann agus ag comhoibriú le Meitheal Turasóireachta Mhúscraí. Forbairt déanta ar bhranda Ghaeltacht Mhúscraí, suíomh gréasáin nua le himeachtaí agus léarscáileanna digiteacha nua; bileog agus léarscáil nua, forbairt ar thrí fhéile nua sa cheantar, Féile Naomh Gobnait, Féile Siúlóide agus Féile Lachtain Naofa.



↑
An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Patrick O'Donovan, TD (Lár), in éineacht le Tomás Ó Siocháin, Údarás na Gaeltachta, agus Dan Barry, Stiúrthóir Réigiúnach don Deisceart agus don Oirdheisceart, Fiontraíocht Éireann, i mBaile Mhúirne, Co. Chorcaí chun tús a chur le claochlú €8 milliún Údarás na Gaeltachta ar Choláiste Íosagáin.

## Forbairt na Fiontraíochta

### Kombeara Teoranta:

Tá Kombeara Teoranta, comhlacht nua dí Kombucha, tosaithe ar tháirgeacht dí kombucha in aonad de chuid an Údaráis i mBéal Átha an Ghaorthaidh i ndeireadh 2024 agus iad ag súil dul chun margaidh tús 2025.

### Campas Íosagáin:

I mí Mheán Fómhair 2024 thosaigh an comhlacht tógála, Cahalane Bros, ag obair ar Chéim 1 de thogra Choláiste Íosagáin. Sheol an tAire Pádraig Ó Donnabháin an thogra go hoifigiúil ar an 25ú lá do mhí Dheireadh Fómhair. Táthar ag súil go mbeidh an obair ar phás 1 críochnaithe roimh dheireadh ceathrú a haon de 2026 agus go mbeidh Campas Íosagáin ar oscailt go luath ina dhiaidh sin. Tá plean réitithe do phás 2 agus iarratas ar chead pleanála á ullmhú.

## Earnáil Dhigiteach

### gteic@CampasÍosagáin:

Mar chuid den chéad chéim forbartha, déanfar spás fiontraíochta agus oiliúna d'achar thart ar 1,720 méadar cearnach a chur ar fáil. Tá an gteic mar chuid de Phás 1, ina mbeidh spás oibre agus áiseanna oifige roinnte idir dheasca oibre agus oifigí príobháideacha agus táthar ag súil go mbeidh sé ar oscailt roimh dheireadh ráithe a dó de 2026.



↑ Cléire

## Forbairt Pobail

### Leabharlann Chléire

D'athoscail Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí, Moira Murrell agus Méara Chontae Chorcaí, Leabharlann Oileán Chléire go hoifigiúil i mí Dheireadh Fómhair. Tá an leabharlann nua lonnaithe in aonad de chuid an Údaráis in Eastát Tionscail Chléire tar éis dó a bheith i bportacabin ar thaobh an ché ar feadh na blianta. Bhí ról lárnach ag Comharchumann Chléire an aonad seo a athchóiriú agus a chur in oiriúint don leabharlann. Tá muintir an Oileáin thar a bheith sásta go bhfuil spás geal, nua-aimseartha acu ar dheireadh in aice le Mol Dhigiteach an oileáin. Tá fáil acu anois ar sheirbhísí leabharlainne, ar ríomhairí, ar phriontáil agus ar WiFi mar a bhíonn i ngach leabharlann de chuid Chomhairle Contae Chorcaí.

### Clós Spraoi Chléire

Cheadaigh bord an Údaráis léas fadtéarmach do Chomharchumann Chléire Teo. ar shuíomh de thart ar 164 $m^2$ taobh le hoifigí an Chomharchumainn chun clós spraoi a fhorbairt ann. Tá costas measta de €254,000 i gceist leis an bhforbairt seo. Tá deontas caipitil de €228,355 ag ráta 90% ceadaithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail le déanaí faoin scéim Town & Village Renewal chun cabhrú leo an togra seo a chur i gcrích agus tá thart ar €70,000 bailithe acu idir ghníomhachtaí tiomsaithe airgid agus daonchairdeas. Is é "Clós Spraoi an Róis Bhuí" an t-ainm a bheidh ar an gclós spraoi. Tá cead pleanála faighte acu don fhorbairt seo agus súil acu é a bheith oscailte roimh dheireadh 2025.

## An Phleanáil Teanga

Tá pleananna teanga á bhfeidhmiú sa dá Limistéar Pleanála Teanga i gContae Chorcaí, – is iad sin LPT Mhúscraí agus LPT Chléire. Tá infheistíocht €240,000 agus dhá phost mar Oifigeach Pleanála Teanga i gceist leis an dá phlean teanga sin. Cuimsíonn cláir oibre na bpleananna teanga réimsí éagsúla an tsaoil, le béim ar leith ar riachtanais daoine óga, agus teaghlaigh, tacaíochtaí do phobal na scoile, agus soláthar deiseanna sóisialta trí Ghaeilge don phobal ina iomláine.

# Gaeltacht Phort Láirge




## Turasóireacht

- Tá plean turasóireachta, *Waterford Destination & Experience Development Plan*, á chur le chéile do Chontae Phort Láirge agus beidh na Déise san áireamh le beartais agus gníomhaíochtaí do Ghaeltacht na nDéise.

## Forbairt na Fiontraíochta

- Táthar ag súil cead pleanála a bhaint amach in 2025 d'aonad fiontair nua de thart ar 500m² atá le tógáil i mBaile na nGall, An Rinn. Tá pleananna á réiteach ag na comhairleoirí VHA d'aonad fiontair agus tá an dearadh imlíneach déanta.

- Dhein comhlacht léiriúcháin spóirt, Nemeton Teo., ceiliúradh ar 30 bliain ar an bhfód i mbliana. Tá siad lonnaithe sa Rinn i nGaeltacht na nDéise ó lár na nóchaidí agus tá an-cháil ar an gcomhlacht, ar chaighdeán a chuid oibre agus ar an bhfoireann ard-oilte atá fostaithe sa chomhlacht.

## Earnáil Dhigiteach

Tá sé beartaithe, sa phlean atá á ullmhú i láthair na huaire i dtaobh aonad fiontair nua, go dtabharfar riachtanais gteic san áireamh sa togra.

## Forbairt Pobail

Bunaíodh Fiontar Pobail i mí Meán Fómhair na bliana 2020 agus sainchúram ar leith ann áis fhóillíochta lasmuigh a fhorbairt, a d'fhreastalódh ar riachtanais ghníomhaíochta agus shóisialta daoine, idir óg agus aosta, clanna, grúpaí áitiúla, scoileanna agus clubanna spóirt agus chun freastal ar riachtanais chultúrtha an phobail áitiúil i gcoitinne. Bheartaigh an coiste páirc uile aimsire a fhorbairt taobh le Páirc Uí Shíothcháin agus tá dul chun cinn suntasach déanta. Ceadaíodh €20,000 dóibh trí Scéim Fiontraíocht Shóisialta an Údaráis.

### Togra Tithíochta:

Tá suíomh de chuid an Údaráis i mBaile na nGall beag Co. Phort Láirge ar cheann de na na suíomhanna atá á mheas ag an Údarás mar chuid de thogra piolótach tithíochta. Dár ndoigh, tá an suíomh seo aitheanta le fada mar suíomh oiriúnach de thithíocht agus go leor oibre deanta ag an gComharchumann ar an togra go dáta. Tá réamhscrúdú déanta ag na comhairleoirí VHA ar an suíomh is tá obair leanúnach ar bun leis na pairtithe leasmhara chun teacht ar an tslí is fearr chun an togra seo a chur chun chinn.

## An Phleanáil Teanga

Is é Comhlacht Forbartha na nDéise Teo an cheanneagraíocht atá freagrach as an bplean teanga do Limistéar Pleanála Teanga na nDéise. Tá maoiniú €120,000 á sholáthar don LPT seo agus tá post amháin mar Oifigeach Pleanála Teanga ceangailte leis. Tugadh tacaíocht an-mhaith do theaghlaigh an LPT agus do dhaoine óga le linn na bliana. Ghlac 11 déagóir páirt in Aistear na nGael in 2024 le tacaíocht ón bPlean Teanga. D'éirigh leis an OPT daoine nua a mhealladh le páirt a ghlacadh in imeachtaí Gaeilge agus leanadh ar aghaidh leis an gcomhoibriú rialta le cumainn agus coistí deonacha an cheantair.

Bíonn comhoibriú maith ag tarlú idir na hoifigigh pleanála teanga sa chúig LPT agus an BSG atá réigiún an Deiscirt agus idir iad féin agus gach eagraíocht agus áisíneacht atá ag feidhmiú ar son na teanga ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Beidh deireadh ag tréimhse feidhmiúcháin pleananna teanga LPT na nDéise le linn 2025 agus beidh gá le plean teanga nua a réiteach don limistéar sin.

Gaeltacht na hÉireann

Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

www.udaras.ie

Fón: 091-503100
Ríomhphost: eolas@udaras.ie